

Foirm DE2 2025



Iarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ó dhuine (ó dhaoine) atá buan-eagumasaithe nó ó iontaobhaí de chuid iontaobhais speisialta i gcomhair duine nó daoine atá buan-éagumasaithe go n-íocfaí ús taisece gan DIRT a asbhaint

Léigh na nótaí míniúcháin lastall sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo

Ainm Iomlán an Iarratasóra

UPSP / Uimhir Thagartha Cánach

Seoladh

Eircode

Sonraí do Chéile nó do Pháirtnéara Shibhialta (más cuí)

Ainm agus Sloinne do Chéile nó do Pháirtnéara Shibhialta

UPSP

Sonraí an Iontaobhais (más cuí)

Ainm Iomlán an Iontaobhais

Ainm an Tairbhí nó Ainmneacha na dTairbhíthe

Institiúid Airgeadais

Ainm na hInstitiúide Airgeadais

Ainm & Seoladh an Bhrairse nó na hOifige

Eircode (más eol)

Sonraí an Chuntais (Banc, Cumann Foirgníochta, Comhar Creidmheasa nó le Banc Taisece an Phoist)

Uimhir Chuntais (nó Uimhir Bhallraíochta i gcás Comhair Chreidmheasa)

Ainm Sealbhóra (Ainmneacha Sealbhóirí) an Chuntais

CAB (Uasfhad 11 caractar)

UICB (Uasfhad 34 caractar)

Dearbhú (cuir tic sa bhosca cuí)

Dearbhaim / aimid go bhfuil mé / imid i dteidlíocht thairbheach an úis i dtaca leis an gcuntas thuas agus go bhfuil mé (go bhfuil mo chéile nó mo pháirtnéir sibhialta, nó go bhfuil an bheirt againn) ar éagumas buan (breac síos an cineál breoiteachta)

Dearbhaimse gur iontaobhaí de chuid iontaobhais speisialta mé a ceapadh chun tairbhe duine (daoine) atá buan-éagumasaithe a bhfuil teideal tairbhiúil aige / aici (acu) i leith an chuntais thuas

- Go mbeinse (go mbeimis) i dteideal aisíoc a fháil ar shuim iomlán DIRT dá ndéanfaí í a asbhaint
- Gabhaim orm féin (gabhaimid orainn féin) na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas maidir le haon athrú ar mo dhálaí (ár ndálaí) a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar m'incháilitheacht (ár n-incháilitheacht) go n-íocfaí ús le mo chuntas (ár gcuntas) iontaobhais gan DIRT a asbhaint.

Síniú an Iarratasóra^

Stádas^^

Síniú Chéile an Iarratasóra nó Pháirtnéara Shibhialta (más cuí)

Dáta

^Ní mór do shealbhóir an chuntais an dearbhú seo a shíniú agus ní mór dá c(h)éile nó dá p(h)áirtnéir sibhialta é a shíniú freisin i gcás comhchuntais. Féadfaidh duine a bhfuil cumhacht aturnae aige nó aici ó shealbhóir an chuntais é a shíniú freisin. Ba chóir cóip den chumhacht aturnae a sholáthar leis an dearbhú seo. Féadfaidh duine údaraithe eile í a shíniú freisin thar cheann shealbhóir an chuntais. Ní mór d'iontaobhaí an dearbhú a shíniú i gcás iontaobhais speisialta.

^^Nuair is duine eile seachas sealbhóir an chuntais a shíníonn an fhoirm ní mór a thabhairt le fios an chail ina shíníonn sé nó sí í.

Léigh na nótaí míniúcháin thíos sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo

Ba chóir duit an fhoirm seo a chomhlánú más mian leat iarratas a dhéanamh go n-íocfar d'ús taisce, ar chistí a bhfuil tú i d'úinéir tairbhiúil orthu (nó duine a bhfuil tú ag feidhmiú ar a s(h)on), leat gan asbhaint DIRT. Má tá údarás ag tríú páirtí (ar nós duine gaoil) do chuntas bainc a láimhseáil ar do shon beidh tú fós i dteideal an díolúine ó DIRT a fháil, ar an gcoinníoll nach gcuireann sé seo isteach ar an úinéireacht tairbhiúil i dtaca le do chuntas. Cáilíonn tú má chomhlíonann tú ceann de na critéir seo.

Má tá tú, nó do chéile nó do pháirtneir sibhialta, nó an bheirt agaibh, ar éagumas buan de dheasca éiglíocht choirp nó intinne nach ligeann duit tú féin a chothú agus tú / sibh 65 bliana d'aois nó níos sine in 2025

Is féidir leat éileamh a dhéanamh ar dhíolúine ó DIRT mura sáraíonn d'ioncam iomlán (is é seo d'ollioncam ó gach foinse ar nós an Pinsean Stáit agus ús taisce) don bhliain 2025 na méideanna seo a leanas:

- I gcás Daoine Singile nó Daoine Baintreacha nó Páirtneirí Sibhialta Marthanacha €18,000
- I gcás Lánúineacha Pósta nó Páirtneirí Sibhialta (comhioncam) €36,000

Cuirtear €575 leis na teorainneacha díolúine sin i gcomhair gach duine den chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus cuirtear €830 leo i gcás gach linbh chleithiúnaigh ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí na suimeanna sin a athrú agus déanfar na hathruithe a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin www.revenue.ie.

Má tá tú ar éagumas buan de dheasca éiglíocht choirp nó intinne nach ligeann duit tú féin a chothú agus tá tú faoi bhun 65

Is féidir leat éileamh a dhéanamh ar dhíolúine ó DIRT má sháraíonn do chreidmheasanna cánach (agus creidmheasanna do chéile nó do pháirtneara sibhialta) don bhliain an cháin a bheadh inmhuirearaithe ar d'ioncam (agus ar ioncam do chéile nó do pháirtneara sibhialta) don bhliain. Is iad seo na méideanna do chreidmheas cánach pearsanta le haghaidh 2025:

- Creidmheas Cánach do Dhuine Singil €2,000
- Creidmheas Cánach do Dhuine Pósta nó do Pháirtneir Sibhialta (cómheasúnú an) €4,000

Is féidir sonraí faoi na gcreidmheasanna cánach bliantúla reatha a fháil ar ár suíomh gréasáin www.revenue.ie.

Más iontaobhaí tú in iontaobhas speisialta i gcomhair duine nó daoine atá éagumasach go buan

Is féidir leat, mar iontaobhaí, díolúine ó DIRT a éileamh ach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- bunaíodh an t-iontaobhas speisialta ar son duine / daoine sonraithe atá éagumasach go buan agus iad sin amháin
- fuarthas cistí an iontaobhais trí shíntiúis ón bpobal i gcoitinne
- is úinéirí tairbhiúla na gcistí sa chuntas iad an duine / na daoine sonraithe atá éagumasach go buan.

Má tá tú ag déanamh iarratais i do cháil mar iontaobhaí, iarrtar ort d'Uimhir Tagartha Cánach, ainm an iontaobhais agus ainm gach tairbhí a chur ar fáil.

Ní mór duit d'Uimhir Thagartha Cánach a sholáthar má tá tú ag déanamh iarratais i do cháil mar iontaobhaí agus duit ainm an iontaobhais speisialta agus ainmn(eacha) an tairbhí (na dtairbhíthe) a sholáthar freisin.

Comhlánaigh an fhoirm lastall más mian leat iarratas a dhéanamh agus cuir ar ais é chuig oifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim. Is féidir seoltaí na n-oifigí a fháil trí úsáid a bhaint as **Déan teagmháil linn** ar www.revenue.ie (nó san eolaire teileafóin).

Comhlánaigh **foirm ar leith i gcomhair gach cuntas** atá agat féin agus do chéile nó do pháirtneir sibhialta.

Ní bhaineann an díolúine seo le comhchuntas ach amháin más lánúin phósta nó páirtneirí sibhialta iad an bheirt shealbhóirí cuntas.

Má athraíonn do dhálaí agus mura mbíonn tú i dteideal ús a fháil gan asbhaint DIRT beidh sé de dhualgas ort é sin a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim láithreach.

Is foirm í seo arna húdarú ag na Coimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh sé go ndéanfaidh na Coimisinéirí í a scrúdú.

Is coir é dearbhú bréagach a dhéanamh.

Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (LAÍE)

Go hiondúil bíonn Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (UICB) agus Cóid Aitheantais Bainc (CAB) ar fáil ar do ráitis chuntais bainc. Tá breis eolais ar LAÍE le fáil ar www.revenue.ie.

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc coigríche nach bhfuil ina bhall de LAÍE.

Faisnéis Bhreise

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie. Má tá aon soiléiriú nó cabhair ag teastáil uait, déan teagmháil le do thoil le d'oifig Ioncaim áitiúil, a bhfuil a huimhir le fáil trí úsáid a bhaint as **Déan teagmháil linn** ar www.revenue.ie (nó san eolaire teileafóin).

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachtas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcuachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.